Clár Oibre Áitiúil 21:
Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil
2011

Foirm Iarratais

*Léigh na CRITÉIR MHEASÚNAITHE agus na NÓTAÍ a ghabhann leis an bhfoirm iarratais (ag deireadh na foirme) nuair a bheidh tú á comhlánú le cinntiú go bhfuil do thionscadal oiriúnach le haghaidh maoiniú deontais agus go bhfuil na ceanglais riachtanacha á gcomhlíonadh.

1. Sonraí an Iarratasóra

Ainm na hEagraíochta (mar atá sé ar an Deimhniú Imréitigh Cánach):

Comhordaitheoir an Tionscadail:

Seoladh:

Uimhir Ghutháin Theagmhála:

Seoladh Ríomhphoist:

Dáta Tosaithe an Tionscadail:

An Dáta a Mheastar go gCríochnófar an Tionscadal:

2. Teideal an Tionscadail

3. Cuspóir an Tionscadail

4. Cur Síos ar an gCineál Comhpháirtíochta leis an bPobal Áitiúil

5. Achoimre ar an Tionscadal

(Is féidir cur síos níos mionsonraithe a thabhairt ar leithligh trí cháipéisíocht tacaíochta)

6. Cén chuid den chomhshaol lena mbaineann an tionscadal?

(e.g. Dramhaíl, Cáilíocht an Uisce, Caighdeán an Aeir, Bithéagsúlacht, Athrú Aeráide, Inbhuanaitheacht, etc.)

7. Conas a fhorbróidh an tionscadal seo pobal áitiúil níos inbhuanaithe?

8. Critéir Mheasúnaithe

Tabhair cuntas gairid ar an dóigh a gcomhlíonann do thionscadal a bheartaítear na critéir a leanas. Bainfear úsáid as na critéir seo chun measúnú a dhéanamh ar thionscadail a bheartaítear agus chun cinntí a dhéanamh i dtaobh maoiniú. Tá cur síos ar na critéir mheasúnaithe uile ar chúl na foirme.

8.1 Socruithe Comhpháirtíochta

8.2 Cumas chun Feasacht a Spreagadh

8.3 Cur Chun Cinn Praiticiúil Chlár Oibre Áitiúil 21

8.4 Luach ar Airgead

8.5 Cumas Fairsing Macasamhlaithe

8.6 Indéantacht spriocanna an tionscadail

9. Achoimre ar na Costais:

Mírchosta	Suim
	€
	€
	€
	€
	€
	€
	€
	€
	€
Iomlán na gCostas:	€

10. Achoimre ar Mhaoiniú

Foinsí Maoinithe	Suim
An tSuim atá á Lorg ón Scéim seo	€
Ranníocaíocht an Iarratasóra	€
Foinsí Eile Maoinithe (liostaigh):	€
	€
	€
	€
	€
	€
	€
Maoiniú Iomlán:	€

11. Ar chuir tú isteach ar mhaoiniú ó údarás áitiúil amháin eile nó níos mó le haghaidh *an tionscadail seo*? Chuir: ☐ Níor: ☐

11.1. Má d'fhreagair tú "Chuir" ar an gceist roimhe seo, cuir na húdaráis áitiúla eile ar chuir tú iarratas faoina mbráid sa tábla a leanas:

Tabhair faoi deara: Ní féidir níos mó ná ocht n-iarratas a chur faoi bhráid údaráis áitiúla le haghaidh aon tionscadal amháin.

An tÚdarás Áitiúil ar cuireadh iarratas	Suim
	€
	€
	€
	€
	€
	€
	€
	€
An tsuim iomlán atá á lorg le haghaidh an tionscadail seo ó na húdaráis áitiúla uile:	€

12. Catagóir an Tionscadail

Cuir cibé ceann de na catagóirí a leanas is oiriúnaí do do thionscadal in iúl:

A. Oiliúint, Oideachas agus Tionscnaimh dá samhail a Spreagann Feasacht ☐
B. Cuibhrinn agus Gairdíní Pobail/Scoile ☐
C. Forbairt Limistéir Pobal, lena n-áirítear Fiadhúlra agus Bithéagsúlacht ☐
D. Deisigh, Athúsáid, Athchúrsáil ☐
E. Múiríniú agus Bailiú Báistí ☐
F. Iniúchtaí, Suirbhéanna agus Pleanáil Gníomhaíochtaí ☐
G. Eile ☐

13. Ar chuir tú isteach ar mhaoiniú ó údarás áitiúil amháin eile nó níos mó le haghaidh *tionscadal ar bith eile*? Chuir: ☐ Níor: ☐

13.1. Má d'fhreagair tú "Chuir" ar an gceist roimhe seo, cuir ainm an tionscadail agus ainmneacha na n-údarás áitiúil ar chuir tú iarratas faoina mbráid sa tábla a leanas:

Tabhair faoi deara: Níor cheart cur isteach ar mhaoiniú le haghaidh níos mó ná tionscadal amháin in aon fhoirm iarratais. Is féidir sonraí breise ar bith faoi thionscadail eile a ndearnadh iarratas ina leith tríd an scéim seo a chur ar cháipéis ar leith.

An tÚdarás Áitiúil ar cuireadh iarratas	Teideal an Tionscadail	Suim
		€
		€
		€
		€
		€
		€
		€
An tsuim iomlán atá á lorg le haghaidh tionscadail eile tríd an scéim seo in 2011:		€

Is cruinn iad na sonraí a cuireadh isteach thuas agus aon ábhair bhreise a cuireadh ar fáil mar thaca leis an iarratas seo tráth dháta an tsínithe seo.

Síniú:_____ Dáta:_____

Le haghaidh Úsáid an Údaráis Áitiúil Amháin

Údarás Áitiúil: _____

Oifigeach LA21: _____

Seoladh: _____

_____

_____

Guthán: _____ Facs: _____

R-phost: _____

Síniú : _____ Dáta:_____

Stampa an Údaráis Áitiúil:

Míniú ar na Critéir Mheasúnaithe

Bainfear leas as na critéir mheasúnaithe a leanas chun tograí incháilithe a rangú. Bunófar cinntí i leith maoiniú ar an rangú seo.

1. Socruithe Comhpháirtíochta

An bhfuil comhoibriú dlúth agus comhoibriú i gcomhar le húdaráis áitiúla, le gnólachtaí áitiúla, le heagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOnna) agus le leasanna áitiúla eile san áireamh i do thionscadal a bheartaítear? Conas a chinnteoidh tú go mbeidh cuid mhór spéise agus rannpháirtíochta sa tionscadal? Tabharfar rangú níos airde do thionscadail lena ngabhann tréansocruithe comhpháirtíochta agus tréan-rannpháirtíocht áitiúil.

2. Cumas chun Feasacht a Spreagadh

An spreagfaidh do thionscadal feasacht ar an gcomhshaol i do phobal áitiúil? An bhfuil sé oideachasúil agus an ndíríonn sé ar cheisteanna náisiúnta comhshaoil? Is dóchúla go dtabharfar rátáil níos airde do thograí má chuirtear feasacht ar an gcomhshaol i láthair pobail níos forleithne.

3. Cur Chun Cinn Praiticiúil Chlár Oibre Áitiúil 21

An gcuirfidh do tionscadal dea-chleachtas comhshaoil agus maireachtáil inbhuanaithe chun cinn? Tabharfar rátáil níos airde do thionscadail má thugann siad réitigh phraiticiúla ar shaincheisteanna comhshaoil agus má bhíonn pobail áitiúla bainteach leo chun sochaí níos inbhuanaithe a fhorbairt.

4. Luach ar airgead

Conas a chaithfear an maoiniú agus cad iad na torthaí a bhainfear amach? Tabharfar rátáil níos airde do thionscadail lena ngabhann sárluach ar airgead agus a bhaineann úsáid éifeachtúil as acmhainní.

5. Cumas Fairsing Macasamhlaithe

An bpléann an tionscadal le saincheisteanna a bhraitear i bpobail eile agus an mbeidh réitigh ann ar féidir iad a chur chun feidhme in áiteanna eile? Tabharfar rátáil níos airde do thionscadail a léiríonn gur féidir iad a mhacasamhlú in áiteanna eile.

6. Indéantacht spriocanna an tionscadail

An indéanta iad spriocanna an tionscadail agus conas a dhéanfar bainistiú ar an tionscadal d'fhonn na spriocanna sin a thabhairt chun críche? Ar tugadh faoi thionscadail dá shamhail san am atá thart agus ar éirigh leo? Tabharfar rátáil níos airde do thograí a léiríonn dea-bhainistiú chun cuspóirí indéanta a bhaint amach.

7. Struchtúr agus leagan amach an togra

Ba chóir go mbeadh struchtúr maith ar na tograí, agus ba cheart go ngabhfadh aidhmeanna agus cuspóirí leo arna sainmhíniú go soiléir. Anuas air sin, ba chóir go gcuirfeadh na tograí in iúl conas a bheidh baint ag an bpobal áitiúil leis an tionscnamh. Ba cheart go leagfaí buiséid an tionscadail amach i gceart agus ba cheart sonraí a thabhairt faoi na socruithe i leith bhainistiú an tionscadail. Tabharfar rátáil níos airde do thograí soiléire a bhfuil struchtúr maith orthu.

Coinníollacha Ginearálta

a) Imréiteach Cánach: Ba cheart do na hiarratasóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh formheas maoinithe ag brath ar chomhlíonadh na riachtanas i leith imréiteach cánach. Ní mór do na hiarratasóirí uimhir agus ainm na n-iarratas uile ar dheontas a chuir siad faoi bhráid gach údaráis áitiúil a liostú.

b) Ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar thionscadail agus ceanglófar ar na hiarratasóirí uile a n-éireoidh leo tuairisc chomhlánaithe a sholáthar agus a sheoladh ar ais chuig a n-údarás áitiúil.

c) D'fhonn a chinntiú go dtugtar tús áite sa chiste do riachtanais chomhshaoil a shainaithnítear go háitiúil, ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir cur isteach ar mhaoiniú le haghaidh tionscadal amháin ó níos mó ná ocht n-údarás áitiúil.

d) Ní eisiatar caiteachas ar dhéanamh oibreacha (e.g. feabhsú an chomhshaoil) go sonrach, ach ba cheart go mbeadh an príomhfhócas de réir spiorad iomlán Chlár Oibre Áitiúil 21.

e) Ní dhéanfar breithniú sa scéim seo ar thionscadail atá incháilithe i gcomhair maoiniú faoi scéimeanna deontais na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in aghaidh an bhruscair.

f) Ní mór do na hiarratasóirí a chinntiú go dtabharfar faoi na tionscadail ábhartha de réir na mBeartas agus na Nósanna Imeachta uile um Chosaint Leanaí atá i bhfeidhm faoi láthair i ngach údarás áitiúil. Sula nglacfar páirt, is tábhachtach dul i gcomhairle le d'údarás áitiúil chuige seo.

g) D'fhéadfadh na hiarratasóirí bheith faoi réir nósanna imeachta seiceála an Gharda Síochána.

h) Níl tionscadail tráchtála/gnó incháilithe le haghaidh maoiniú.